# Mícheál Ó Coileáin
# (1890-1922)

Corcaíoch ba ea Mícheál Ó Coileáin a ghlac ról an-ghníomhach sa pháirtí polaitíochta Sinn Féin agus a bhí lárnach i gCogadh na Saoirse. Shínigh an Coileánach an Conradh Angla-Éireannach sa bhliain 1921, rud a spreag a dhúnmharú an bhliain dar gcionn.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Mícheál Ó Coileáin (1890-1922)

Féach ar an bhfíseán faoi Mhícheál Ó Coileáin. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach.

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh Mícheál Ó Coileáin sa bhliain 1890 | **F** | |
| D'imigh sé ar imirce go Meiriceá agus é ina dhéagóir | | |
| Ghlac an Coileánach páirt san IRB i Londain | | |
| Níor ghlac an Coileánach páirt in Éirí Amach na Cásca | | |
| Cuireadh an Coileánach go campa géibhinn in Frongach | | |
| Ní raibh an Coileánach ina bhall de Shinn Féin | | |
| Bhí an Coileánach ina Aire Airgeadais sa chéad Dáil | | |
| Chaith an Coileánach Cogadh na Saoirse i gceannas ar bhailiú airgid | | |
| Ba é an 'Scuad' an grúpa a bhí i gceannas ar mharú spiairí na Breataine in Éirinn le linn Chogadh na Saoirse | | |
| Shínigh an Coileánach an Conradh Angla-Éireannach a thug saoirse d'Éirinn go hiomlán sa bhliain 1921. | | |
| Fuair an Coileánach bás sa bhliain 1962 | | |

# Mícheál Ó Coileáin (1890-1922)

Anois, léigh an t-alt seo faoi Mhícheál Ó Coileáin agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

Rugadh Mícheál Ó Coileáin sa bhliain 1890 lasmuigh de Chloch na Coillte in Iarthar Chorcaí. Ba é an mac b'óige é agus d'imigh sé ar imirce go Londain agus é cúig bliana déag d'aois. D'oibrigh sé ansin ina chléireach agus i gcúpla banc éagsúil. Bhí an Coileánach éirimiúil agus meabhrach. Ghlac sé páirt ghníomhach i gcluichí CLG i Londain agus rinneadh ball den IRB é sa bhliain 1909.

Tháinig an Coileánach ar ais go hÉirinn le páirt a ghlacadh in Éirí Amach na Cásca cé go raibh sé ar imeall na n-imeachtaí sin. Cuireadh go campa géibhinn é in Frongach na Breataine Bige tar éis an Éirí Amach. Agus é in Frongach, léirigh sé scileanna ceannaireachta nádúrtha agus tháinig sé chun cinn mar bhall an-luachmhar de Shinn Féin. Nuair a scaoileadh saor ó Fhrongach é toghadh é ar son Chorcaí Theas in olltoghchán 1918. Níor ghlac sé a shuíochán in Westminster ach an oiread le baill eile de chuid an pháirtí agus d'eagraigh sé an chéad Dáil Éireann sa bhliain 1919 i mBaile Átha Cliath. Eachtra stairiúil chinniúnach agus chumhachtach é agus d'fhógair Rialtas na Breataine láithreach gur Dáil bhréagach mhídhleathach é. Ba é an Coileánach an chéad Aire Airgeadais i nDáil Éireann.

Cuireadh tús le Cogadh na Saoirse ansin, spreagtha ag imeachtaí Éirí Amach 1916, seasamh láidir Shinn Féin agus sléacht Arm na Breataine. Le linn Chogadh na Saoirse bhí an Coileánach i gceannas ar ghrúpa dar teideal an 'Scuad' (Squad). Rinne an Scuad iarracht fáisnéis a lorg faoi gach uile spiaire de chuid na Breataine in Éirinn chun iad a aimsiú agus a mharú. D'éirigh go héifeachtach leo agus ar Dhomhnach na Fola, 21 Samhain 1920, mharaigh an Scuad an t-úafás spiairí cé gur mharaigh Arm na Breataine 14 duine i bPáirc an Chrócaigh.

# Mícheál Ó Coileáin (1890-1922)

Lean Cogadh na Saoirse ar aghaidh agus ar deireadh, thuig an dá thaobh nárbh fhéidir leanúint ar aghaidh go fuilteach go deo. Shocraigh David Lloyd George, Príomh-Aire na Breataine, dul chun cainte le Sinn Féin le teacht ar chomhréiteach. Chuir Éamon de Valera toscaireacht Éireannach faoi Art Ó Gríofa go Londain le conradh a shocrú leis an mBreatain.

Bhí Mícheál Ó Coileáin mar chuid den toscaireacht sin cé go raibh sé an-drogallach scaoileadh lena aisling Poblacht a bhaint amach d'Éirinn. Shínigh sé an Conradh Angla-Éireannach sa bhliain 1921 a thug saoirse do 26 contae ach a d’fhág 6 chontae an Tuaiscirt faoi réimeas na Breataine. Rinne an conradh seo an tír a scoilt go mór – bhí daoine áirithe sásta leis ach bhí daoine eile ann a cheap go raibh an Coileánach tar éis géilleadh do bhrú Rialtas na Breataine.

Spreag síniú an chonartha Cogadh Cathartha uafásach. Agus an Coileánach ar a chamchuairt timpeall na hÉireann ag iarraidh an Saorstát a bhuanú agus a láidriú, scaoil dream a bhí in aghaidh an chonartha é i mBéal na mBláth cóngarach go maith dá áit dúchais. Ba bhás cinniúnach é bás an Choileánaigh ag aois 31 bliain a chuir casadh sa Chogadh Cathartha a lean síniú an Chonartha.

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Mícheál Ó Coileáin (1890-1922)

## Gluais

ar imirce = imeacht ó do thír dhúchais ar thóir oibre
campa géibhinn = príosún ina gcuirtear daoine i gcoinne a thola
olltoghchán = toghchán náisiúnta chun rialtas tíre a shocrú go daonlathach
Aire Airgeadais = aire rialtais atá i gceannas ar bhuiséad na tíre
Fáisnéis = grinneolas
Toscaireacht = foireann a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpa ar leith
An-drogallach = gan a bheith ag iarraidh rud éigin a dhéanamh
Camchuairt = a bheith ar thuras timpeall na háite

## Ceisteanna

1. Cén bhliain ar rugadh Mícheál Ó Coileáin?
2. Cén post a bhí aige agus é ina chónaí i Londan?
3. Cén fáth ar tháinig an Coileánach ar ais go hÉirinn?
4. Céard a tharla dó tar éis an Éirí Amach?
5. Cén páirtí polaitíochta a raibh sé ina bhall de?
6. Cén ról a bhí aige sa chéad Dáil?
7. Cad a rinne an Coileánach le linn Chogadh na Saoirse?
8. Mínigh an Conradh Angla-Éireannach agus na himpleachtaí a bhain leis.
9. An dóigh leat go raibh an ceart ag an gCoileánach an Conradh Angla-Éireannach a shíniú nó an raibh brú air?
10. Cén fáth ar maraíodh an Coileánach, meas tú?

# Mícheál Ó Coileáin

Meaitseáil: Féach ar an bhfíseán arís agus meaitseáil na príomhfhocail ar chlé leis an míniú cuí ar deis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| IRB | Príomh-Aire na Breataine le linn Chogadh na Saoirse |
| Éirí Amach na Cásca | Páirtí Polaitíochta Poblachtánach a bunaíodh sa bhliain 1905 |
| Frongach | Poblachtánach a bhunaigh Sinn Féin |
| Sinn Féin | Tír a bhfuil a rialtas tofa ag an bpobal ar son an phobail |
| Dáil Éireann | Réabhlóid fhuilteach a thit amach le linn Sheachtain na Cásca |
| An Scuad | Campa géibhinn a bunaíodh sa Bhreatain Bheag chun réibiliúnaithe Sheachtain na Cásca a choinneáil |
| IRA | Rialtas na hÉireann |
| Conradh Angla-Éireannach | Grúpa rúnda a theastaigh Poblacht na hÉireann a bhunú |
| Art Ó Gríofa | Campa géibhinn do phoblachtánaigh a throid in Éirí Amach na Cásca |
| David Lloyd George | Óglaigh na hÉireann a d'ionsaigh Arm na Breataine go foréigeanach |
| Poblacht | Grúpa rúnda de chuid an IRA a rinne iarracht spiairí na Breataine a aimsiú agus a mharú |

# Mícheál Ó Coileáin (1890-1922)

Bhí tionchar ollmhór ag Mícheál Ó Coileáin ar na himeachtaí a thit amach sa Chogadh Cathartha. Seo cúig fhíric faoin imeacht staire tábhachtach sin:

1. Shínigh an Coileánach an Conradh Angla-Éireannach sa bhliain 1921 le baill eile de thoscaireacht a chuir Éamon de Valera go Londain. Ba é síniú an Chonartha sin a spreag an Cogadh Cathartha toisc go raibh scoilt i measc na náisiúnaithe. Bhí daoine áirithe (faoi stiúir de Valera) ar son Phoblacht na hÉireann amháin. Bhí daoine eile ann (faoi stiúir Mhícheál Uí Choileáin) a thug tacaíocht don Chonradh.
2. Bhí an Cogadh Cathartha an-fhuilteach agus cuireadh cairde, teaghlaigh, comharsana agus comhghleacaithe i gcoinne a chéile.
3. Ba bhuille uafásach é dúnmharú Mhícheál Uí Choileáin i mBéal na mBláth sa bhliain 1922 do thaobh an Chonartha.
4. In ainneoin go raibh an-rath ar ghluaiseacht phoblachtánach Éamoin de Valera, ar deireadh, fuair taobh an Chonartha an lámh in uachtar orthu. Bhí tacaíocht acu ón mBreatain agus níos mó cumhachta acu dá bharr.
5. D’fhág an Cogadh Cathartha a lorg ar Éirinn agus ar mhuintir na hÉireann. Aithnítear lorg an Chogaidh ar an dá pháirtí is mó sa tír. Tá Fianna Fáil go stairiúil aitheanta mar pháirtí poblachtánach agus tá Fine Gael aitheanta mar pháirtí ar thaobh an Chonartha.

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta